# AISTRITHEOIRÍ ÓGA, 2023 – RIALACHA AN CHOMÓRTAIS

**ROIMH AN gCOMÓRTAS**

Comórtas é seo do dhaltaí **a raibh na 15 bliana nó níos mó slán acu ar an 1 Meán Fómhair 2022.** Beidh cead ag **triúr iarrthóirí, ar a mhéad**, as gach scoil páirt a ghlacadh sa chomórtas. Beidh teorainn leis an líon scoileanna ar féidir leo páirt a ghlacadh sa chomórtas – uasmhéid 20 scoil i ngach cúige. Cuirfear 10 n-áit i ngach cúige ar leataobh do scoileanna Gaeilge sa Ghaeltacht, do scoileanna Gaeilge lasmuigh den Ghaeltacht agus do scoileanna eile ina bhfuil sruthanna Gaeilge a bhfuil aitheantas faighte acu ó na húdaráis oideachais chuí. Tabharfar tosaíocht ina dhiaidh sin do na scoileanna is túisce a chláróidh le haghaidh an chomórtais. Ní bheidh buaiteoirí réigiúnacha ná buaiteoir foriomlán na bliana anuraidh incháilithe le páirt a ghlacadh i gcomórtas na bliana seo.

Ní mór clárú don chomórtas roimh dheireadh an lae an 20 Eanáir 2023 trí ríomhphost a chur chuig DGT-GA-AISTRITHEOIRI-OGA@ec.europa.eu. Iarrfar ainmneacha an triúr iarrthóirí a bheidh páirteach sa chomórtas ('na hiarrthóirí'), a ndáta breithe agus a rogha de phéirí teangacha ina dhiaidh sin. Beidh an deis ag na hiarrthóirí **aistriúchán a dhéanamh go Gaeilge (GA)** ó na teangacha seo a leanas: **Béarla (EN), Fraincis (FR), Gearmáinis (DE), Iodáilis (IT), Portaingéilis (PT) agus Spáinnis (ES)**. Beidh sé de rogha ag iarrthóirí triail aistriúcháin amháin nó dhá thriail a dhéanamh. Déanfar gach iarracht freastal ar iarratais ar theangacha oifigiúla eile de chuid an Aontais Eorpaigh nach bhfuil ar an liosta sin thuas.

**MAR SHAMPLA:**

**Iarrthóir 1**: Máirtín Ó Cadhain, 4 Lúnasa 2006
Triail 1: EN-GA
Triail 2: DE-GA
**Iarrthóir 2**: Nuala Ní Dhomhnaill, 5 Meitheamh 2006
Triail 1: ES-GA
**Iarrthóir 3**: Áine Ní Ghlinn, 11 Samhain 2005
Triail 1: EN-GA

Is faoi na scoileanna féin cúram a dhéanamh de na socruithe praiticiúla e.g. na bileoga aistriúcháin a íoslódáil roimh an gcomórtas, ionad cuí a ullmhú don chomórtas, na buntéacsanna atá le haistriú a íoslódáil ón ríomhphost ar maidin agus a dháileadh ar na hiarrthóirí, deimhin a dhéanamh de go reáchtálfar an comórtas go cóir agus go neamhchlaonta, agus na téacsanna a sheoladh ar ais chuig DGT-GA-AISTRITHEOIRI-OGA@ec.europa.eu, **faoi 5 i.n., am na hÉireann, an lá céanna**.

Ní foláir a chinntiú roimh ré go bhfuil an méid seo ar fáil sa scoil:

- rochtain ar an idirlíon;
- ríomhaire atá in ann comhaid PDF a oscailt, a chló agus a chruthú (is san fhormáid sin a sheolfar na téacsanna a bheidh le haistriú agus is san fhormáid sin is ceart iad a sheoladh ar ais); agus
- rochtain ar scanóir lenar féidir na haistriúcháin a dhéantar le peann a scanadh mar chomhaid PDF, ionas go bhféadfar iad a sheoladh ar ais chuig DGT-GA-AISTRITHEOIRI-OGA@ec.europa.eu, lá an chomórtais.

**REÁCHTÁIL NA dTRIALACHA AISTRIÚCHÁIN**

Is ar an **7 Márta 2023** a bheidh an comórtas ar siúl.

Roimh an dáta sin, cuirfear chuig na scoileanna atá cláraithe na 'bileoga aistriúcháin' – na bileoga ar a scríobhfaidh na hiarrthóirí a gcuid aistriúchán. Ba cheart do na múinteoirí na bileoga sin a íoslódáil roimh lá an chomórtais féin.

NB: Dar ndóigh, ní ceadmhach aon uirlis aistriúcháin ríomhchuidithe ar nós Google Translate a úsáid.

Ar **8 r.n.**, am na hÉireann, maidin lá an chomórtais, seolfaidh Ard-Stiúrthóireacht an Aistriúcháin ríomhphost chuig na scoileanna. I mbosca ábhair an ríomhphoist beidh an téacs 'Comórtas Aistritheoirí Óga 2023'. Beidh na téacsanna a bheidh le haistriú i gceangal leis an ríomhphost. Is i bhfoirm leictreonach PDF a bheidh na téacsanna sin.

Reáchtálfar na trialacha de réir na socruithe ar leith a bheidh déanta ag na scoileanna féin agus i gcomhréir le rialacha an chomórtais.

Níl am ná amanna áirithe den lá leagtha síos le haghaidh an chomórtais féin; fágtar an cinneadh sin faoi na scoileanna féin. Ní mór na haistriúcháin a sheoladh ar ais chuig Ard-Stiúrthóireacht an Aistriúcháin, **faoi 5 i.n., am na hÉireann, an lá céanna**.

Beidh **uair an chloig** ag na daltaí le caitheamh ar an triail aistriúcháin ó Bhéarla go Gaeilge, agus **uair an chloig go leith** acu le caitheamh ar an triail aistriúcháin ó theanga oifigiúil eile de chuid an Aontais Eorpaigh (féach an liosta thuas).

'**Oidhreacht na hEorpa**' an téama a bheidh sna téacsanna do chomórtas 2023.

Is ceart do na scoileanna gach iarracht a dhéanamh na trialacha a reáchtáil go cóir agus go neamhchlaonta. Ní mór do na hiarrthóirí a gcuid oibre a dhéanamh ina n-aonar – níl cead acu a bheith ag obair le chéile ná i bhfoirne, agus tá cosc ar chabhair ó mhúinteoirí agus ar uirlisí aistriúcháin ríomhchuidithe a úsáid.

D'ainneoin nach nglacfar ach le triúr iarrthóirí ó aon scoil ar leith, féadfaidh na scoileanna cead a thabhairt do dhaltaí eile páirt neamhoifigiúil a ghlacadh sa chomórtas; ach **ní ceart do na scoileanna na haistriúcháin a dhéanfaidh na daltaí eile sin a chur chuig Ard-Stiúrthóireacht an Aistriúcháin.**

**Is féidir na haistriúcháin a dhéanamh ar ríomhaire nó le peann. Is ceadmhach foclóirí páipéir agus/nó foclóirí leictreonacha a úsáid le linn an chomórtais**.

I gcás an aistriúcháin a dhéantar **le peann, ní mór scríobh le dúch dubh**. Ní mór an scríobh a dhéanamh ar na bileoga aistriúcháin a chuirfidh Ard-Stiúrthóireacht an Aistriúcháin ar fáil. Caithfidh an scríbhneoireacht a bheith soléite. Cuirfear as an áireamh téacsanna atá doléite agus téacsanna nach bhfuil scríofa ar na bileoga aistriúcháin a cuireadh ar fáil.

I gcás an aistriúcháin **ar ríomhaire,** ní mór sin a dhéanamh freisin ar na bileoga aistriúcháin a bheidh curtha ar fáil ag Ard--Stiúrthóireacht an Aistriúcháin.

Ní ceart do na hiarrthóirí an t-aistriúchán a scríobh i gceannlitreacha arae caithfidh na marcálaithe a bheith in ann a dhéanamh amach an dtuigeann na hiarrthóirí ceartúsáid ceannlitreacha.

**LÁ AN CHOMÓRTAIS, NUAIR A BHEIDH NA TRIALACHA THART**

Ní mór an méid seo a dhéanamh:

- na haistriúcháin a dhéantar le peann a scanadh agus a shábháil mar chomhaid PDF atá soléite agus ar ardchaighdeán (bíodh gach aistriúchán **i gcomhad ar leith** nach mó ná 3MB (i.e. 3 aistriúchán = 3 chomhad pdf ar leith) – más mó ná sin an comhad bain triail as scan dubh agus bán seachas scan daite).
- na haistriúcháin a dhéantar ar ríomhaire a shábháil mar chomhaid PDF; agus
- na haistriúcháin a sheoladh chuig DGT-GA-AISTRITHEOIRI-OGA@ec.europa.eu, **faoi 5 i.n., am na hÉireann, an lá céanna**.

Má tharlaíonn fadhb theicniúil nach féidir leis an scoil a réiteach, déan teagmháil linn ag an seoladh ríomhphoist thuas. Ar lá an chomórtais, beidh duine d'fhoireann Ard-Stiúrthóireacht an Aistriúcháin ar fáil le ceisteanna a fhreagairt, a oiread agus is féidir, agus tabharfaidh an duine sin comhairle trí ríomhphost.

**MEASÚNÚ NA nAISTRIÚCHÁN**

Aistritheoirí i Roinn na Gaeilge in Ard-Stiúrthóireacht Aistriúcháin an Choimisiúin Eorpaigh a dhéanfaidh measúnú ar na haistriúcháin agus a roghnóidh na buaiteoirí. Sannfar uimhir chlárúcháin do gach dalta roimh ré, agus is í an uimhir sin, **seachas a n-ainm féin,** a chuirfidh an dalta ar na bileoga aistriúcháin. Ní bheidh ainm an dalta ná ainm na scoile ar eolas ag na marcálaithe agus iad ag ceartú na n-aistriúchán dá bhrí sin. Cinnteofar oibiachtúlacht an phróisis measúnúcháin ar an gcaoi sin freisin.

**EOLAS BREISE**

**Cosaint sonraí pearsanta**
Cinnteoidh Ard-Stiúrthóireacht an Aistriúcháin go ndéanfar aon sonraí pearsanta a gheofar a chosaint i gcomhréir leis an dlí.

Déanfar ainmneacha na scoileanna agus ainmneacha na mbuaiteoirí a fhoilsiú, agus d'fhéadfadh sé freisin go ndéanfaí na haistriúcháin bhuacacha a fhoilsiú, nó codanna díobh. D'fhéadfadh sé freisin go ndéanfaí tuairisc sna meáin ar an searmanas bronnta a reáchtálfar i mBaile Átha Cliath i mí Aibreáin 2023.

Lá an chomórtais, ba mhór againn dá gcuirfeadh na scoileanna grianghraif chugainn (chuig DGT-GA-AISTRITHEOIRI-OGA@ec.europa.eu) de na daltaí i mbun na dtrialacha, agus ainmneacha na ndaltaí sna grianghraif a lua chomh maith le hainm na scoile. Ba mhaith le hArd-Stiúrthóireacht an Aistriúcháin na grianghraif sin a fhoilsiú ar leathanach Facebook Roinn na Gaeilge: https://www.facebook.com/aistritheoir/. Níl aon dualgas ar scoileanna an méid sin a dhéanamh, ar ndóigh.

**Daltaí atá faoi mhíchumas**
Níl cead ag scoileanna idirdhealú a dhéanamh i leith daltaí atá faoi mhíchumas. Tuigeann lucht eagraithe an chomórtais go mb'fhéidir gur ghá bearta speisialta a dhéanamh le go bhféadfadh daltaí atá faoi mhíchumas páirt a ghlacadh sa chomórtas ar bhonn cóir cothrom leis na hiarrthóirí eile. Más léir go sáródh na bearta speisialta na rialacha thuas (m.sh. am breise a thabhairt do dhalta atá faoi mhíchumas), is ceart teagmháil a dhéanamh linn (ag DGT-GA-AISTRITHEOIRI-OGA@ec.europa.eu) roimh ré, agus cur síos a dhéanamh ar an gcineál míchumais agus ar na socruithe atá beartaithe ionas go mbeimid in ann na socruithe sin a údarú roimh an gcomórtas.

**Cé air a bhfuil cúram shocruithe praiticiúla na dtrialacha?**
Na socruithe praiticiúla uile le haghaidh na dtrialacha a bheidh le réiteach ar an láthair lá an chomórtais, is iad na scoileanna a thabharfaidh aire dóibh. Orthu sin tá:

- na hiarrthóirí a chruinniú le chéile san ionad trialacha;
- na téacsanna foinseacha agus na bileoga aistriúcháin a chur ar fáil do na hiarrthóirí;
- deimhin a dhéanamh de go dtabharfaidh na hiarrthóirí an t-eolas cuí ar na bileoga aistriúcháin: **an uimhir chlárúcháin, an dáta breithe agus an teanga fhoinseach**;
- feitheoireacht a dhéanamh ar na hiarrthóirí le linn na dtrialacha;
- gach cóip de na buntéacsanna agus nótaí na n-iarrthóirí a chruinniú ag deireadh na dtrialacha agus gan iad a thabhairt ar ais do na hiarrthóirí go dtí an 8 Márta ar a luaithe; agus
- na haistriúcháin a scanadh agus a sheoladh ar ais, faoi **5 i.n., am na hÉireann, lá an chomórtais** (N.B. níor cheart na haistriúcháin ar fad a sheoladh in aon chomhad PDF amháin – ba cheart gach aistriúchán a sheoladh i gcomhad PDF ar leith).

**An bhfuil cead ag na hiarrthóirí foclóirí a úsáid i rith an chomórtais?**
Bunuirlis de chuid an aistritheora é an foclóir agus, dá bhrí sin, tá cead ag na hiarrthóirí foclóirí, idir fhoclóirí páipéir agus fhoclóirí leictreonacha, a úsáid le linn an chomórtais. Is ceadmhach foclóirí aonteangacha agus foclóirí dátheangacha a úsáid. **Ní ceadmhach, áfach, aon uirlis aistriúcháin ríomhchuidithe a úsáid.**

**Cé a dhéanfaidh measúnú ar na haistriúcháin?**
Déanfaidh painéal d'aistritheoirí agus d'athbhreithneoirí gairmiúla in Ard-Stiúrthóireacht an Aistriúcháin measúnú ar gach aistriúchán.

Beidh obair agus plé an phainéil faoi rún. Ní eiseofar marcanna iarrthóirí aonair.

Cuirfear teastas rannpháirtíochta chuig gach iarrthóir.

Is cinntí críochnaitheacha iad cinntí an phainéil agus na moltóirí.

**Cé na critéir a úsáidfear sa mheasúnú?**
Agus iad ag meas na n-aistriúchán, úsáidfidh an painéal critéir atá ar aon dul, a bheag nó a mhór, leis na critéir a úsáidtear i leith aistriúcháin a dhéantar in Ard-Stiúrthóireacht an Aistriúcháin féin, mar atá:

- brí an bhuntéacs a aistriú go cruinn;
- an Ghaeilge a scríobh go cruinn (an litriú, an chomhréir agus an ghramadach etc.);
- an téacs Gaeilge a scríobh i stíl líofa shothuigthe; agus
- seifteanna cruthaitheacha a úsáid, de réir mar is gá, le réiteach a fháil ar dheacrachtaí san aistriúchán.

Féadfaidh an painéal aon aistriúchán a chur as an áireamh má mheasann siad nach ndearnadh an t--aistriúchán sin faoi dhálaí a bhí cóir agus neamhchlaonta.

**Fógairt na mbuaiteoirí**
Fógrófar liosta na mbuaiteoirí i mí Aibreáin 2023. Is iad seo a leanas na duaiseanna a mbronnfar;

An t-aistriúchán is fearr: Cúige Chonnacht
An t-aistriúchán is fearr: Cúige Laighean
An t-aistriúchán is fearr: Cúige Mumhan

An t-aistriúchán is fearr: Cúige Uladh

**Ollduais:** An t-aistriúchán is fearr i gceithre chúige Éireann